Gaelchultúr

RANGANNA GAEILGE DO DHAOINE FÁSTA

EARRACH 2017

SPRING 2017

IRISH LANGUAGE CLASSES FOR ADULTS

6 CHÚIS AR CHEART DUIT FREASTAL AR RANG GAEILGE DE CHUID GHAELCHULTÚIR

1 AN TEANGA LABHARTHA

Bíonn an bhéim i ranganna Ghaelchultúir ar labhairt na Gaeilge seachas ar léamh nó ar an teanga scríofa.

2 RANGANNA DO GACH LEIBHÉAL CUMAIS

Tá ranganna againn ag seacht leibhéal éagsúla le cinntiú go mbeidh an rang a bhfreastalóidh tusa air díreach ceart duit.

3 ÁBHAR DEN SCOTH

Tá pleananna ceachta cuimsitheacha agus acmhainní teagaisc den scoth curtha le chéile againn do gach cúrsa agus do gach leibhéal.

4 ACMHAINNÍ LUACHMHARA TACAÍOCHTA

Tugtar leabhrán nótaí agus dlúthdhiosca fuaime do mhic léinn ag tús an chúrsa. Cuirtear an t-ábhar seo ar fad ar fáil ar líne freisin.

5 GRÚPAÍ BEAGA GNÍOMHACHA

Bíonn grúpaí beaga i gceist agus, dá bhrí sin, bíonn go leor deiseanna ag na foghlaimeoirí páirt an-ghníomhach a ghlacadh sna ranganna.

6 DAOINE AR A SUAIMHNEAS

Bíonn sé mar sprioc i gcónaí ag ár gcuid múinteoirí na foghlaimeoirí a chur ar a suaimhneas agus an mhuinín a thabhairt dóibh leis an nGaeilge a labhairt.

BLAISEADH DEN GHAEILGE

Beidh imeacht saor in aisce, Blaiseadh den Ghaeilge, á reáchtáil ag Gaelchultúr Dé Sathairn, 28 Eanáir, inár n-ionad ag 11 Sráid an Chláraigh, BÁC 2. Buail isteach chugainn idir 12.00pm agus 1.00pm agus déanfaimid do chumas sa Ghaeilge a mheas. Ina dhiaidh sin, beidh deis agat freastal ar rang Gaeilge fiche nóiméad, rud a thabharfaidh blaiseadh duit den stíl mhúinteoireachta a úsáidimid. Beidh tú in ann clárú do chúrsa an earraigh freisin, más mian leat, ach ní bheidh sé seo riachtanach.

6 REASONS YOU SHOULD ATTEND ONE OF GAELCHULTÚR'S IRISH CLASSES

1 SPOKEN IRISH

The emphasis in Gaelchultúr's classes is on speaking Irish rather than on reading or writing.

2 CLASSES TO SUIT ALL LEVELS OF ABILITY

We have classes at seven levels and this ensures that the class you choose will suit your level of competency.

3 FIRST-CLASS MATERIALS

We've developed comprehensive lesson plans and first-class teaching resources for every course and every level.

4 VALUABLE SUPPORT RESOURCES

Students are given a booklet of notes and an audio CD at the beginning of the course. This content is also made available online.

5 SMALL ACTIVE GROUPS

Learners are taught in small groups, which gives them plenty of opportunities to play an active role in each class.

6 RELAXED ATMOSPHERE

Our teachers always aim to make learners feel at ease and to give them the confidence to speak Irish.

A TASTE OF IRISH

Gaelchultúr will be running an event called A Taste of Irish on Saturday, 28 January, in our centre at 11 Clare Street, Dublin 2. Drop into us between 12.00pm and 1.00pm and we'll assess your standard of Irish. Once the assessment has been completed, you'll have an opportunity to attend a 20-minute Irish class, which will give you an idea of the teaching approach we use. You'll also be able to register for the spring course, should you wish, but there will be no obligation on you to do so.

RANGANNA OÍCHE, EARRACH 2016

AG TOSÚ 6-9 FEABHRA

Fad an chúrsa: 10 seachtaine Táille: €200
Am gach ranga: 7.00–9.00pm

	Oíche	Ag tosú	Ionad
BUNRANG 1	Dé Luain	6/2/17	Baile Átha Cliath
	Déardaoin	9/2/17	Baile Átha Cliath
	Dé Luain	6/2/17	Ceatharlach
BUNRANG 2	Dé Máirt	7/2/17	Baile Átha Cliath
	Dé Céadaoin	8/2/17	Baile Átha Cliath
	Déardaoin	9/2/17	Baile Átha Cliath
	Dé Luain	6/2/17	Ceatharlach
MEÁNRANG 1	Dé Luain	6/2/17	Baile Átha Cliath
	Dé Máirt	7/2/17	Baile Átha Cliath
	Dé Céadaoin	8/2/17	Baile Átha Cliath
	Dé Máirt	7/2/17	Ceatharlach
MEÁNRANG 2	Dé Luain	6/2/17	Baile Átha Cliath
	Dé Céadaoin	8/2/17	Baile Átha Cliath
	Dé Máirt	7/2/17	Ceatharlach
ARDRANG 1	Dé Máirt	7/2/17	Baile Átha Cliath
ARDRANG 2	Déardaoin	9/2/17	Baile Átha Cliath
CRUINNEAS 1	Déardaoin	9/2/17	Baile Átha Cliath

FAIGH AMACH CÉN LEIBHÉAL AG A BHFUIL TÚ

Mura bhfuil tú cinnte cén leibhéal ag a bhfuil tú, buail isteach chuig ár n-ionad ag 11 Sráid an Chláraigh, Baile Átha Cliath 2, ag aon am le linn na dtréimhsí atá luaite thíos agus déanfaidh duine dár múinteoirí do chuid Gaeilge a mheas. Tá sé seo saor in aisce agus ní thógfaidh sé ach timpeall ceathrú uaire. Agus ní gá duit é a chur in áirithe roimh ré.

Measúnú 1	6.00–7.00pm	Dé Máirt	31 Eanáir 2017
Measúnú 2	6.00–7.00pm	Dé Céadaoin	1 Feabhra 2017
Measúnú 3	6.00–7.00pm	Déardaoin	2 Feabhra 2017

Tá cur síos ar na leibhéil éagsúla le fáil ar leathanaigh 5-8.

EVENING CLASSES, SPRING 2016

BEGINNING 6-9 FEBRUARY

Course duration: 10 weeks Course Fee: €200
Class times: 7.00–9.00pm

	Night	Beginning	Location
BEGINNERS	Monday	6/2/17	Dublin
	Thursday	9/2/17	Dublin
	Monday	6/2/17	Carlow
ELEMENTARY	Tuesday	7/2/17	Dublin
	Wednesday	8/2/17	Dublin
	Thursday	9/2/17	Dublin
	Monday	6/2/17	Carlow
LOWER INTERMEDIATE	Monday	6/2/17	Dublin
	Tuesday	7/2/17	Dublin
	Wednesday	8/2/17	Dublin
	Tuesday	7/2/17	Carlow
UPPER INTER.	Monday	6/2/17	Dublin
	Wednesday	8/2/17	Dublin
	Tuesday	7/2/17	Carlow
ADVANCED 1	Tuesday	7/2/17	Dublin
ADVANCED 2	Thursday	9/2/17	Dublin
ACCURACY 1	Thursday	9/2/17	Dublin

FIND OUT WHAT YOUR LEVEL OF IRISH IS

If you're not sure what your level of competency in Irish is, drop into our centre at 11 Clare Street, Dublin 2, at any time during the periods mentioned below and one of our teachers will assess your proficiency in the language. This assessment is free of charge and will take approximately 15 minutes. And there's no need to book in advance.

Assessment 1	6.00–7.00pm	Tuesday	31 January 2017
Assessment 2	6.00–7.00pm	Wednesday	1 February 2017
Assessment 3	6.00–7.00pm	Thursday	2 February 2017

A description of the different levels is given on pages 5-8.

BUNRANG 1

Dírithe orthu siúd nach bhfuil eolas ar bith acu ar an nGaeilge. Níl an leibhéal seo oiriúnach do dhaoine a rinne staidéar ar an nGaeilge ar scoil. Faoi dheireadh an chúrsa, beidh rannpháirtithe ábalta páirt a ghlacadh i gcomhráite simplí laethúla agus beidh eolas bunúsach acu ar an ngramadach.

BEGINNERS

Aimed at those with no previous knowledge of Irish. This level is not suitable for anyone who has studied Irish at school. By the end of the course participants will be able to engage in simple everyday interactions and will have acquired a basic knowledge of grammar.

BUNRANG 2

Oiriúnach do dhaoine a rinne cúpla cúrsa ag an mbonnleibhéal cheana féin nó atá ábalta cumarsáid bhunúsach a dhéanamh, e.g. beannú do dhaoine, iad féin a chur in aithne. Bíonn an bhéim sa chúrsa seo ar scileanna labhartha agus éisteachta a fhorbairt agus déantar an ghramadach a mhúineadh i gcomhthéacs den chuid is mó.

ELEMENTARY

Suitable for people who have attended a few beginners classes or who already have basic Irish, e.g. they can greet people, introduce themselves. As with the beginners level, the emphasis is on developing speaking and listening skills and grammar is taught in context for the most part.



MEÁNRANG 1

Oiriúnach do dhaoine a rinne staidéar ar an nGaeilge ar scoil, a thuigeann go leor den teanga ach nach raibh mórán deiseanna acu í a úsáid le blianta beaga anuas. Bíonn an bhéim ar scileanna labhartha agus éisteachta a fhorbairt ach bíonn deiseanna ag na foghlaimeoirí an teanga a scríobh agus a léamh ó am go chéile freisin. Múintear an ghramadach i gcomhthéacs, de réir mar a bhíonn sí ag teastáil.

LOWER INTERMEDIATE

Suitable for people who studied Irish at school, who understand a good deal of the language but have had few opportunities to use it in recent years. The emphasis is on developing speaking and listening skills but students are also given a chance to read and to write the language. Grammar is taught in context, as it is required.

MEÁNRANG 2

Feiliúnach do dhaoine atá breá ábalta comhrá a dhéanamh trí Ghaeilge agus a úsáideann í ó am go chéile – go sóisialta, mar shampla. Bíonn seans ag na rannpháirtithe cur lena stór focal agus lena n-eolas ar ghramadach na teanga. Déantar plé ar thopaicí níos casta ná na cinn a bhíonn i gceist i Meánrang 1 agus bíonn níos mó béime ar an léitheoireacht ná mar a bhíonn sa leibhéal níos ísle sin.

UPPER INTERMEDIATE

Suitable for people who are comfortable speaking Irish and who use the language from time to time – in a social context, for example. Participants have an opportunity to extend their vocabulary and to learn more about Irish grammar. The topics discussed in class are more challenging than those covered at Lower Intermediate level and there is also a greater emphasis on reading.

ARDRANG 1

Dírithe ar dhaoine a bhfuil Gaeilge réasúnta líofa acu ach nach bhfuil an oiread sin taithí acu ar a bheith ag labhairt faoi thopaicí dúshlánacha (cúrsaí reatha agus cúrsaí teicneolaíochta, cuir i gcás). Bíonn seans ag na rannpháirtithe cur lena saibhreas teanga, leibhéal níos airde cruinnis a bhaint amach agus roinnt mhaith léitheoireachta agus éisteachta a dhéanamh.

ADVANCED 1

Aimed at those who have a reasonable fluency in Irish but who find it difficult to discuss more challenging topics (current affairs and technology, for example). Participants have an opportunity to add to their vocabulary and range of idiomatic expressions, improve their grammar and develop their reading and listening skills.

ARDRANG 2

Tá Ardrang 2 oiriúnach dóibh siúd a bhfuil líofacht mhaith acu sa Ghaeilge agus ar mian leo deis a fháil díriú ar réimse leathan topaicí, agus a bheith ag scríobh agus ag léamh na teanga ar bhonn rialta. Tá béim sa leibhéal seo chomh maith ar shaibhreas na Gaeilge agus ar chruinneas gramadaí.

ADVANCED 2

Advanced 2 is suitable for those who already have a good knowledge of Irish but who wish to discuss a wide range of topics, and to read and write the language on a regular basis. Participants have an opportunity to learn useful idiomatic and colloquial expressions and to add to their knowledge of grammar.

CRUINNEAS 1

Dírithe orthu siúd a bhfuil Gaeilge labhartha an-mhaith acu ach nach bhfuil ró-eolach ar ghramadach na teanga. Dírítear ar bhunchoincheapa de chuid na gramadaí agus féachtar le scileanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta na rannpháirtithe a fhorbairt. Baintear úsáid as ábhar dílis (e.g. ailt as irisí agus nuachtáin) agus bíonn réimse leathan gníomhaíochtaí i gceist. An-oiriúnach dóibh siúd atá ag obair trí mheán na Gaeilge, e.g. státseirbhísigh agus múinteoirí.

ACCURACY 1

Aimed at those who have a very good standard of spoken Irish but whose knowledge of grammar is quite limited. There is a focus in class on basic grammatical concepts and on developing participants' reading and writing skills. Authentic material (e.g. newspaper and magazine articles) is used and there is a wide range of activities in the class. Suitable for those who work through the medium of Irish, e.g. civil servants and teachers.

ROGHANNA EILE FOGHLAMA / OTHER LEARNING OPTIONS

ranganna.com
LEARN IRISH ONLINE

Tá cúrsaí ar líne ag Gaelchultúr a thugann deis duit an Ghaeilge a fhoghlaim in áit ar bith, in am ar bith, ar ríomhaire nó ar ghléas soghluaiste (m.sh táibléad nó fón cliste). Tá na cúrsaí seo le fáil ar ranganna.com, suíomh ríomhfhoghlama an chomhlachta.

Gaelchultúr has online courses that allow you to learn Irish anywhere, at any time, on a computer or mobile device (e.g. tablet or smartphone). These courses are available on ranganna.com, the company's e-learning website.

siopa.ie

Tá cúpla téacsleabhar foilsithe ag Gaelchultúr d'fhoghlaimeoirí Gaeilge agus tá siad seo furasta a úsáid agus spraíúil. Chun eolas a fháil mar gheall orthu, tabhair cuairt ar ár siopa ar líne ag www.siopa.ie.

Gaelchultúr has published several textbooks for learners that are accessible and fun to use. For more details, please visit our online shop at www.siopa.ie.

CEISTEANNA COITIANTA

AN MBEIDH ORM TÉACSLEABHAR A CHEANNACH DON CHÚRSA?

Ní bheidh. Tabharfar leabhrán duit sa chéad rang ina mbeidh an t-ábhar ar fad a bheidh de dhíth ort le linn an chúrsa. Tá costas an leabhráin seo san áireamh i dtáille an chúrsa. Beidh fáil agat ar na nótaí ar fad ar líne freisin.

Tá na ranganna ag an mbunleibhéal agus ag meánleibhéal 1 bunaithe ar an dá leabhar sa tsraith *Gaeilge gan Stró!*, ach ní gá d'fhoghlaimeoirí sna ranganna sin na leabhair sin a cheannach.

Nóta: Beidh an leabhar *Gramadach gan Stró!* (€20) le ceannach sa chéad rang acusan a bheidh ag freastal ar Chruinneas 1.

CAD IAD NA RUDAÍ IS GÁ DOM A THABHAIRT LIOM GO DTÍ AN RANG?

Ní gá duit ach peann agus páipéar a thabhairt leat go dtí an rang.

AR CHEART DOM FOCLÓIR A CHEANNACH?

Molaimid d'fhoghlaimeoirí *Collins Irish Pocket Dictionary* a cheannach. Is féidir é a cheannach inár siopa ag tús an chúrsa (€9.95 an praghas atá air). Tá sé ar díol freisin ar www.siopa.ie, siopa ar líne Ghaelchultúir.

Agus tá an leagan ar líne de *Foclóir Nua Béarla–Gaeilge* ar fáil anois freisin ag www.focloir.ie.

AN MBEIDH MÓRÁN BÉIME AR AN SCRÍBHNEOIREACHT AGUS AR AN NGRAMADACH SA RANG?

Bíonn ceachtanna beaga scríofa i gceist sna ranganna ó am go chéile ach bíonn an chuid is mó den bhéim ar labhairt na teanga. Múinimid an ghramadach i gcomhthéacs, de réir mar a bhíonn sí ag teastáil, agus féachaimid i gcónaí gan an iomarca béime a chur uirthi.

'BHAIN MÉ AN-TAITNEAMH AS AN RANG. IS DÓIGH LIOM GO BHFUIL FEABHAS MÓR TAGTHA AR MO CHUID GAEILGE.'
GS

'TÁ AN CUR CHUIGE AN-TAITNEAMHACH. B'INFHEISTÍOCHT MHAITH É AN CÚRSA SEO.'
JO'D

WILL I NEED TO BUY A TEXTBOOK FOR THE COURSE?

No. You'll be given a booklet in the first class containing all the material you'll need during the course. The cost of this booklet is included in the course fee. You will also be able to access all of the notes online.

The beginners and lower intermediate classes are based on the books in the *Gaeilge gan Stró!* series but learners in those classes are not required to buy those publications.

Note: Those attending Accuracy 1 will be required to buy the grammar book *Gramadach gan Stró!* (€20) in the first class.

WHAT DO I NEED TO BRING TO THE CLASS?

You only have to bring a pen and paper to class.

SHOULD I BUY A DICTIONARY?

We recommend the *Collins Irish Pocket Dictionary* to learners. It can be bought in our shop at the beginning of the course (for €9.95). It's also on sale on www.siopa.ie, Gaelchultúr's online shop.

And the online version of the *New English–Irish Dictionary* is now available as well at www.focloir.ie.

WILL THERE BE MUCH EMPHASIS ON WRITING AND GRAMMAR IN THE CLASSES?

You'll be asked to do short written exercises from time to time but the main focus will be on speaking the language. We teach grammar in context, as it's required, and we're always careful not to place too much emphasis on that aspect of language.

'[THIS COURSE] REKINDLED MY INTEREST IN IRISH. I ACTUALLY ENJOYED IT AND CAN NOW ASSOCIATE A PLEASANT FEELING WITH IRISH.'
JMcG

'THE TEACHER WAS EXCELLENT, THE TOPICS WERE RELEVANT, AND THE PRESENTATION WAS FOCUSED ON NEEDS ... ALL IN ALL A VERY INTERESTING AND ENJOYABLE CLASS.'
GO'L

CLÁRÚ DO CHÚRSA

Más mian leat freastal ar rang de chuid Ghaelchultúir, ní mór duit clárú dó roimh ré. Is féidir clárú ar líne ag www.gaelchultur.com nó glaoch orainn ag (01) 484 5220 / 1890 252 900.

ÍOCAÍOCHT

Is féidir íocaíocht a dhéanamh le hairgead tirim, seic, ordú poist, Visa, Mastercard nó Laser. Má tá d'fhostóir ag íoc na táille, luaigh é sin agus an cúrsa á chur in áirithe agat agus seolfaimid sonrasc chuige. Ní mór an táille iomlán a íoc roimh thús an chúrsa.

AISÍOCAÍOCHTAÍ

Is féidir táille cúrsa a aisíoc ina hiomláine suas go seachtain roimh thús an chúrsa.

UAIREANTA OIFIGE

Bíonn oifigí Ghaelchultúir ag 11 Sráid an Chláraigh, Baile Átha Cliath 2, ar oscailt ó 9.30am go 5.30pm, Luan go hAoine. Tabhair faoi deara, áfach, go mbeimid ar fáil go dtí 7.00pm ar na hoícheanta a mbeidh measúnuithe ar siúl (cf. leathanach 3).

REGISTERING FOR A COURSE

If you wish to attend one of Gaelchultúr's courses, please register in advance. You can do so online at www.gaelchultur.com or by calling us on (01) 484 5220 / 1890 252 900.

PAYMENT

Payment can be made in cash, by cheque, postal order, Visa, Mastercard or Laser. If your employers are paying for the course, please mention this when booking and we will send an invoice to them. Payment must be received in full before the course commences.

REFUNDS

Course fees can be refunded in full up to a week before a course commences.

OFFICE HOURS

Gaelchultúr's offices at 11 Clare Street, Dublin 2, are open from 9.30am to 5.30pm, Monday to Friday. Note, however, that we will be available until 7.00pm on the evenings when assessments will be held (cf. page 4 for details).

Gaelchultúr

11 Sráid an Chláraigh, Baile Átha Cliath 2
11 Clare Street, Dublin 2
+353 1 484 5220 | eolas@gaelchultur.com
www.gaelchultur.com